Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14751/21**

**SOC 725**
**EMPL 542**
**SAN 737**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13994/1/21 REV 1 + REV 1 COR 1 |
| Ábhar: | Obair inbhuanaithe ar feadh ré an tsaoil<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite arna fhormheas ag Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 6 Nollaig 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hobair inbhuanaithe ar feadh ré an tsaoil**

**AG AITHINT DI an méid seo a leanas:**

1. Tá saol na hoibre ag athrú go tapa mar thoradh ar an dul chun cinn teicneolaíoch, an domhandú, an t-athrú aeráide agus aosú an daonra. Tá daonra an Aontais in aois oibre ag dul i laghad le deich mbliana anuas agus meastar go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh[1]. Cé go bhfuil an daonra iomlán ag fanacht réasúnta seasmhach, tá méadú ag teacht ar an mbaol go mbeidh ganntanas lucht saothair ann. Chun an laghdú ar an daonra in aois oibre a chúiteamh, ní mór níos mó daoine a thabhairt isteach sa mhargadh saothair agus iad a choimeád ann, poist ardcháilíochta a chur ar fáil, daoine a chumasú chun saol oibre níos faide a bheith acu agus an táirgiúlacht a fheabhsú[2].

2. Is é príomhchuspóir an Aontais Eorpaigh dálaí maireachtála agus oibre na ndaoine a fheabhsú de shíor.[3]. Is é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[4] (dá ngairtear 'an Colún' anseo feasta) an compás lena dtreoraítear muid chun an aidhm sin a bhaint amach. I gClár Oibre Straitéiseach na Comhairle Eorpaí, sainaithnítear cur chun feidhme an Cholúin mar ghníomhaíocht tosaíochta don tréimhse 2019-2024. I nDearbhú Porto, chuir ceannairí an Aontais in iúl go gcuirtear treoir úsáideach ar fáil i bPlean Gníomhaíochta[5] Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun an Colún a chur chun feidhme, agus ba dhíol sásaimh dóibh trí phríomhsprioc nua an Aontais do 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta.

---

1 Féach freisin an Páipéar Uaine maidir le hAosú. Dlúthpháirtíocht agus freagracht a chothú idir na glúine. COM(2021) 50 final

2 Féach freisin an Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir le Tionchar an Athraithe Dhéimeagrafaigh. 2020.

3 An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Brollach

4 Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. IO 2017/C 428/09

5 Plean Gníomhaíochta a thíolaic an Coimisiún an 4 Márta 2021.

3. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas agus ag na Ballstáit Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe[6] a bhaint amach, lena n-áirítear Sprioc 8, lena ndírítear ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe, ar fhostaíocht iomlán tháirgiúil agus ar obair chuibhiúil do chách. Mar a aithnítear i nDearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, éilíonn saol athraitheach na hoibre gníomhaíocht phráinneach chun na deiseanna a chuirtear ar fáil a thapú, agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le todhchaí chothrom, chuimsitheach agus shlán oibre a mhúnlú do chách[7].

4. Ghlac na Páirtithe i gCairt Shóisialta na hEorpa le cearta agus prionsabail áirithe mar chuspóirí a gcuid beartas agus gur cheart na cearta seo a leanas a bheith ag na hoibrithe go léir: an ceart chun dálaí córa oibre, an ceart chun dálaí oibre folláine sábháilte, agus an ceart chun cómhargáil, chun a slí bheatha a roghnú gan bhac, chun luach saothair cothrom a fháil ar mhaithe le caighdeán maireachtála imleor a bhaint amach do na hoibrithe agus dá dteaghlaigh, chun saoirse comhlachais, chun cosaint speisialta más leanaí, daoine óga nó mná iad, agus ceart chun saoráidí iomchuí le haghaidh gairmthreoir agus gairmoiliúint. Ina theannta sin, tá sé de cheart ag gach duine a bhfuil freagrachtaí teaghlaigh air/uirthi agus atá ag gabháil d'fhostaíocht nó ar mian leo dul i mbun fostaíochta é sin a dhéanamh gan a bheith thíos le hidirdhealú, agus a mhéad is féidir, gan choinbhleacht idir a f(h)ostaíocht agus freagrachtaí an teaghlaigh[8]. Tá sé seo ábhartha go háirithe do mhná, a leanann de bheith ag caitheamh níos mó ama in obair chúraim gan phá ná mar a dhéanann fir sa chás céanna.

---

[6] *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mbun athrú: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe]. A/RES/70/1

[7] Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Todhchaí na hOibre agus Conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach. 13436/19

[8] Cairt Shóisialta na hEorpa (athbhreithnithe), atá daingnithe ag na Ballstáit seo a leanas: AT, BE, BG, CY, EE, FI, FR, DE, EL, HU, IE, IT, LV, LT, MT, NL, PT, RO, SK, SI, ES agus SE.

5. Sna conclúidí uaithi ó 2020[9], maidir le 'Dúshláin Dhéimeagrafacha – an Bealach Chun Cinn', d'aithin an Chomhairle tionchar suntasach an aistrithe dhéimeagrafaigh ar ár ngeilleagair agus ar ár gcórais cosanta sóisialta. D'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú agus, ag an am céanna, leas a bhaint as na deiseanna ó thaobh forbairt eacnamaíoch agus shóisialta de. Sna conclúidí uaithi ó 2019[10] maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile, d'aithin an Chomhairle freisin an bealach a mbíonn dea-bhail agus fás eacnamaíoch na ndaoine ag neartú a chéile.

6. Is é is aidhm do na tionscnaimh a rinne an Coimisiún le déanaí cur le cáilíocht agus inbhuanaitheacht na hoibre a fheabhsú. I gCreat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021-2027[11], leagtar amach na príomhthosaíochtaí agus na príomhghníomhaíochtaí a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe a fheabhsú sna blianta atá le teacht, rud a chuirfidh an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach, agus an t-aistriú déimeagrafach san áireamh. Tá sé i gceist leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna Nua[12] beart a dhéanamh de réir briathair maidir le céadphrionsabal an Cholúin i ndáil leis an gceart chun oideachais, oiliúint agus foghlaim fad saoil, agus iad cuimsitheach agus ar ardchaighdeán.

7. Ciallaíonn an téarma 'obair inbhuanaithe ar feadh ré an tsaoil' a úsáidtear sna Conclúidí seo dálaí maireachtála agus oibre a ligeann do dhaoine dul i mbun oibre agus fanacht i mbun oibre ar feadh saol fada oibre. Áirítear leis sin claochlú na hoibre chun deireadh a chur leis na tosca a dhéanann oibrithe a dhíspreagadh nó a choinneáil siar ó bheith ag fanacht sa lucht saothair nó ó dhul isteach ann, agus imthosca aonair á gcur san áireamh ag an am céanna[13]. Bíonn infhaighteacht oibre dhifriúil ag daoine éagsúla, agus is dócha go n-athróidh sí le linn an tsaoil. Is é an dúshlán atá ann riachtanais agus cumais an duine aonair a chomhoiriúnú le cáilíocht na bpost atá ar tairiscint[14].

---

9 Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Dúshláin Dhéimeagrafacha – An Bealach Chun Cinn'. IO 2020/C 205/03

10 Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile. IO 2019/C 400/09

11 Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021-2027. COM(2021)323 final

12 An Clár Oibre Eorpach do Scileanna Nua don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht. COM(2020)274 final

13 Athraíonn tréithe duine aonair i ndáil le hobair (cumais, riachtanais, sláinte, scileanna, etc.) agus imthosca aonair ar feadh ré an tsaoil, agus athraíonn infhaighteacht an duine chun oibre dá réir chomh maith.

14 Eurofound, 2015. Obair inbhuanaithe ar feadh ré an tsaoil: Páipéar coincheapa.

8. Is féidir obair inbhuanaithe a bhaint amach trí infheistíocht a dhéanamh i bpoist ardcháilíochta agus i gcaipiteal daonna, agus béim ar leith á leagan ar dhálaí córa oibre, ar shábháilteacht agus sláinte cheirde, ar uas-sciliú agus athoiliúint, agus ar chothromaíocht oibre is saoil. Is cuid riachtanach de gheilleagar na dea-bhaile[15] í an obair inbhuanaithe, agus is spreagadh tábhachtach í do rannpháirtíocht mhéadaithe an lucht saothair, don táirgiúlacht, don fheidhmíocht eacnamaíoch[16] agus don chuimsiú sóisialta. Mura bhfuil an obair inbhuanaithe, bíonn tionchar aige ar shláinte agus ar fholláine na ndaoine sa mhargadh saothair agus ar a gcleithiúnaithe, agus bíonn iarmhairtí aige sin láithreach, nó sa mheántéarma agus san fhadtéarma[17].

9. Sa tuairim uaidh maidir le hobair inbhuanaithe ardcháilíochta[18], aithníonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a) go bhfuil an obair inbhuanaithe ardcháilíochta ar cheann de ghnéithe bunriachtanacha na cáilíochta beatha, agus gur ceann é nach mór a mheas in éineacht le coincheap na forbartha inbhuanaithe; b) measann sé gur freagracht chomhroinnte de chuid an Choimisiúin, na mBallstát agus na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta í obair inbhuanaithe ardcháilíochta a áirithiú; agus c) cuireann sí i bhfios go láidir gur cheart an t-idirphlé sóisialta a neartú agus a leathnú chun ábhair níos straitéisí atá dírithe ar an inbhuanaitheacht a chumhdach.

---

15 Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile. IO 2019/C 400/09

16 ECFE, 2018. Páipéir Oibre maidir le Cúrsaí Sóisialta, Fostaíochta agus Imirce Uimh. 221 Cáilíocht Post, Sláinte agus Táirgiúlacht: Creat fianaisebhunaithe le haghaidh anailíse.

17 Eurofound, 2015. Obair inbhuanaithe ar feadh ré an tsaoil: Páipéar coincheapa, agus Eurofound, 2021. Dálaí oibre agus obair inbhuanaithe: Anailís ina n-úsáidtear an creat cáilíochta poist.

18 Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, 2021. Príomhghnéithe d’obair inbhuanaithe ardcháilíochta le linn an téarnaimh agus ina dhiaidh. [Tústuairim arna iarraidh sin d’Uachtaránacht na Slóivéine]. SOC/685.

**DE BHRÍ gur fíor an méid seo a leanas:**

10. Tá dúshláin maidir le feidhmiú mhargadh an tsaothair ag baint leis an laghdú atá ag teacht ar an daonra in aois oibre agus leis an méadú ar fhad saoil, agus tá gá le cur chuige cuimsitheach chun córais cosanta sóisialta a oiriúnú. Léiríonn na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha fhadtéarmacha don Aontas go meastar go dtiocfaidh laghdú ar an daonra agus go mbeidh athrú suntasach ar a struchtúr aoise[19]. Réamh-mheastar gurb é an fás ar tháirgiúlacht saothair an t-aon fhoinse fáis a d'fhéadfadh teacht ar an aschur san Aontas, agus go bhfuil an costas iomlán a bhaineann le haosú le dul i méid san fhadtéarma[20].

11. Tá obair inbhuanaithe ríthábhachtach lena chur ar chumas daoine aonair a bheith folláin agus gníomhach agus iad ag dul in aois, chun fad a chur lena saol oibre, do chórais cosanta sóisialta leordhóthanacha agus inbhuanaithe, agus dá bhrí sin, d'fheidhmiú an gheilleagair ina iomláine. Cé go bhfuil gá fós le tuilleadh taighde a dhéanamh ar obair inbhuanaithe, léirítear go soiléir sna hanailísí atá ar fáil go mbíonn tairbhe ag baint le hinfheistíochtaí i ndálaí córa oibre, i sláinte agus sábháilteacht ag an obair, in oideachas agus in oiliúint, agus i gcothromaíocht oibre is saoil trí fheabhas a chur ar dhea-bhail daoine agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar a dtáirgiúlacht agus ar a rannpháirtíocht san obair i rith saol oibre a bheidh níos faide.

---

19 Tiocfaidh laghdú 32.1 milliún oibrí féideartha (18.6 milliún fear, 13.5 milliún bean) ar an daonra atá in aois oibre (20-64 bliana d'aois) faoi 2070, rud a fhágann go mbeadh níos lú ná beirt in aois oibre ag an Aontas in aghaidh gach duine atá 65 bliana d'aois nó níos sine, seachas tuairim is triúr in aois oibre in 2019. I(n): An Coimisiún Eorpach, 2021. Tuarascáil 2021 maidir le hAosú. Réamh-mheastacháin Eacnamaíocha agus Bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2019-2070). Páipéar Institiúideach 148.

20 ibid.

12. Tá feabhas ag teacht ar cháilíocht na bpost san Aontas go mall le blianta beaga anuas[21]. In 2015, bhí 86 % de na fostaithe san Aontas sásta nó an-sásta lena ndálaí oibre. Mheas beagán níos lú ná an ceathrú cuid, áfach, go raibh a gcuid oibre ag cur a sláinte nó a sábháilteachta i mbaol, agus chreid an ceathrú cuid go raibh tionchar diúltach den chuid is mó ag a gcuid oibre ar a sláinte, agus is mó a bhí fir ag tuairisciú na dtionchar diúltach seo. Is gné thábhachtach iad scileanna leordhóthanacha chun sástacht agus táirgiúlacht na hoibre a chur chun cinn, agus tuairiscíonn thart ar 28 % d'fhostaithe go bhfuil na scileanna acu chun déileáil le dualgais níos dúshlánaí (30 % d'fhir, 27 % de mhná), cé go bhfuil gá le hoiliúint bhreise ag 14 %[22] chun déileáil go maith lena ndualgais[23]. Ní oireann uaireanta oibre go rómhaith do chúraimí teaghlaigh nó sóisialta lasmuigh den obair i gcás beagnach gach cúigiú oibrí (20 % de na fir, 16 % de na mná), agus thug gach cúigiú oibrí le fios go raibh an oiread sin tuirse orthu tar éis na hoibre nach raibh siad in ann roinnt cúraimí teaghlaigh riachtanacha a chomhlíonadh[24].

---

21 Eurofound, 2021. Dálaí oibre agus obair inbhuanaithe: Anailís ina n-úsáidtear an creat cáilíochta poist.

22 Ní bhíonn na figiúirí imdhealaithe de réir inscne ach amháin i gcás go bhfuil siad ar fáil, agus i gcás go bhfuil difríocht inláimhsithe idir fir agus mná (baineann sé seo leis an téacs ar fad).

23 Eurofound, 2021. Dálaí oibre agus obair inbhuanaithe: Anailís ina n-úsáidtear an creat cáilíochta poist.

24 Eurofound, 2017. An séú Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip – Tuarascáil forléargais, figiúirí d'Aontas na 28.

13. Is réamhriachtanas sláinte agus sábháilteacht ag an obair má tá obair le bheith inbhuanaithe ar feadh an tsaoil. De dheasca charnadh iarmhairtí diúltacha (sláinte) na hoibre le linn saol oibre an duine aonair, déantar dochar do cháilíocht a n-aosaithe agus is féidir leis sin a saol oibre a ghiorrú. Cuireann an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú déimeagrafach de cheangal orainn athruithe a réamh-mheas agus a bhainistiú. Is féidir le feasacht ar an gcaoi le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a oiriúnú do gach láthair oibre i saol athraitheach na hoibre a bheith ina chuidiú, agus cur chuige 'cosc trí dhearadh'[25] arna chomhtháthú le cur chuige deartha oibrí-lárnaithe a bheith ann lena chois sin, chun cuidiú le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn a mhaolú, ar dúshláin sláinte agus sábháilteachta ag an obair iad a bhaineann leis an digiteáil[26], le rioscaí síceasóisialta agus eirgeanamacha agus le lucht saothair atá ag dul in aois. Ina theannta sin, léiríonn réamh-mheastacháin gur fiú infheistiú a dhéanamh i sláinte agus sábháilteacht ag an obair mar go bhfaightear dhá euro ar gach euro a infheistítear[27]; agus gurb í an tsochaí a íocann na costais as gortuithe agus galair a bhaineann leis an obair, costais ar fiú níos mó ná 3.3 % de OTI an Aontais[28].

---

25 Leis an gcur chuige 'cosc trí dhearadh', tugtar caoi chun gortuithe, galair agus básanna ag an obair a chosc agus a rialú go luath sa phróiseas pleanála agus deartha. Féach freisin EU-OSHA, 2018. *Foresight on new and emerging occupational safety and health risks associated with digitalisation by 2025* [Réamhamharc ar rioscaí sábháilteachta agus sláinte ag an obair atá nua agus atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an digiteáil faoi 2025].

26 Amhail síor-infhaighteacht dhigiteach, teorainneacha doiléire idir an saol príobháideach agus an saol oibre agus úsáid gléasanna lena gcinntear luas na hoibre nó lena ndéantar faireachán ar fheidhmíocht oibrithe. Féach freisin EU-OSHA, 2019. *European Survey of Enterprises on New and Emerging Risks* [Suirbhé Eorpach ar Fhiontair maidir le Rioscaí Nua agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn], ESENER. agus Eurofound, 2017. An Séú Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip – Tuarascáil forléargais.

27 An Coimisiún Eorpach, 2011. Costais shocheacnamaíocha tionóiscí ag an obair agus drochshláinte a bhaineann leis an obair. Príomhtheachtaireachtaí agus cás-staidéir.

28 EU-OSHA, 2017. Comparáid idirnáisiúnta idir costas tionóiscí agus tinnis a bhaineann leis an obair.

14. Is cuid thábhachtach den obair inbhuanaithe deiseanna a sholáthar le haghaidh sciliú, uas-sciliú agus athsciliú ar feadh shaol oibre an duine aonair. Cuidíonn sé le daoine fásta de gach aois ullmhú agus oiriúnú do mhargaí saothair a bhíonn ag athrú, coinníonn sé i bhfostaíocht iad agus cinntíonn sé nach bhfágfar aon duine ar lár. I bhformhór na mbunaíochtaí san Aontas. soláthraítear oiliúint de chineál éigin (oiliúint ar an láthair oibre san áireamh) ach is é an cás in thart faoi thrí bhunaíocht as gach deich nach soláthraítear í ach do 20 % dá bhfostaithe[29]. Is mó an rochtain atá ag fostaithe a bhfuil conarthaí buana acu (44 %) ar oiliúint as a n-íocann fostóirí nó a sholáthraíonn fostóirí ná mar atá ag fostaithe ag a bhfuil conarthaí ar théarma seasta (31 %) ná iad siúd ag a bhfuil conradh de chineál eile nó nach bhfuil conradh acu (22 %)[30]. Faoi 2016, ní raibh ach 37 % de dhaoine fásta ag glacadh páirt in aghaidh na bliana i ngníomhaíochtaí foghlama. 18 % an ráta i gcás daoine fásta ísealcháilithe.[31]

15. Is gnéithe tábhachtacha den obair inbhuanaithe an tsolúbthacht, an tslándáil**,** an intuarthacht agus comhdheiseanna a bheith ann do chách. Tá méadú ag téacht le deich mbliana anuas ar sciar na hoibre ar de chineál neamhchaighdeánach í. Tá ceathrar as gach deichniúr oibrithe san Aontas nach bhfuil caidreamh fostaíochta caighdeánach acu[32]. Is fíor gur féidir le cineálacha oibre neamhchaighdeánacha deiseanna nua fostaíochta a chruthú (go háirithe mar gheall ar an tsolúbthacht fheabhsaithe a chuirtear ar fáil leo), go háirithe dóibh siúd atá níos faide ar shiúl ó mhargadh an tsaothair, ach is féidir leo cur leis an neamhshláine agus leis an éiginnteacht, rud a dhéanann dochar do dhea-bhail an duine. Is beag an méid sonraí inchomparáide atá ar fáil maidir le cineálacha oibre neamhchaighdeánacha, maidir lena dtábhacht i dtaca leis na margaí saothair agus maidir lena dtionchar ar chórais cosanta sóisialta ar fud an Aontais. Ba cheart do shocruithe oibre solúbtha, san fhostaíocht chaighdeánach agus san fhostaíocht neamhchaighdeánach, cothromaíocht níos fearr a éascú idir an obair agus an saol[33]. Ní mór, áfach, tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun dálaí oibre agus cosaint shóisialta a fheabhsú i dtaca leo siúd atá i bhfostaíocht neamhchaighdeánach chun go mbeidh obair inbhuanaithe ann do chách.

---

29 Eurofound agus Cedefop, 2020. An Suirbhé ar Chuideachtaí Eorpacha in 2019: Cleachtais san ionad oibre chun acmhainneacht fostaithe a thapú.

30 Eurofound, 2017. An Séú Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip – Tuarascáil forléargais.

31 An Coimisiún Eorpach, 2021. Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. COM(2021) 102 final

32 Parlaimint na hEorpa, 2016. Fostaíocht fhorbhásach san Eoraip. Patrúin, Treochtaí agus Straitéisí Beartais.

33 Féach freisin na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teilea-obair. 9747/21

16. Is gné mhór neamh-inbhuanaithe de chuid na margaí saothair an bhearna fostaíochta idir na hinscní. Bíonn tionchar diúltach ar fheidhmíocht agus ar bhuntáiste iomaíoch gheilleagar an Aontais, nuair a chailltear acmhainneacht oideachais agus oibre na mban. Chosain sin breis agus EUR 320 billiún ar an Aontas in 2018, arb ionann é agus 2.4 % de OTI an Aontais sa bhliain sin[34]. Is toisc ríthábhachtach a mhíníonn rannpháirtíocht níos ísle na mban sa mhargadh saothair an t-ualach méadaithe a bhíonn orthu ó thaobh an chúraim de, ualach a eascraíonn as an roinnt éagothrom idir mná agus a gcontrapháirtithe fir[35]. Meastar go gcosnaíonn sé idir EUR 1.2 milliún agus EUR 2 milliún bean a fhágáil gan fostaíocht ar feadh a saoil, ag brath ar a leibhéal oideachais, agus meastar an costas a bheith níos airde do mhná ag a bhfuil leibhéal oideachais níos airde[36]. Dá bhfeabhsófaí inrochtaineacht, inacmhainneacht agus cáilíocht na seirbhísí cúraim[37] agus dá gcuirfí comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir chun cinn, d'fhéadfaí cuidiú leis an mbearna fostaíochta idir na-hinscní a líonadh.

17. Tá sé an-tábhachtach idirphlé sóisialta a bheith ann chun obair inbhuanaithe a áirithiú ar mhaithe leis na páirtithe uile. Bíonn ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta i saol athraitheach na hoibre agus is maith mar atá siad in ann – i gcomhthéacs gníomhaíochtaí nó earnálacha ar leith – na réitigh agus na dálaí sláinte agus sábháilteachta a shainaithint. Mar sin de, bíonn an t-idirphlé sóisialta ríthábhachtach freisin le haghaidh geilleagair dhea-fheidhmiúla tháirgiúla agus sochaithe comhtháite.

---

34 Eurofound, 2020. *Women and labour market equality: Has COVID-19 rolled back recent gains?* [Na mná agus comhionannas sa mhargadh saothair: Ar cuireadh ar gcúl de bharr COVID-19 na gnóthachain a baineadh amach le deireanas?]

35 Eurofound, 2018. An chothromaíocht a bhaint amach: An obair agus an saol a chomhréiteach san Aontas.

36 An Coimisiún Eorpach, 2017. Measúnú tionchair a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle.

37 San áireamh le seirbhísí cúraim, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá: cúram leanaí, cúram fadtéarmach (seirbhísí do dhaoine atá spleách mar gheall ar a bheith cnagaosta, tinn go leanúnach nó faoi mhíchumas), seirbhísí gearrthéarmacha.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR**

**NA BALLSTÁIT, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

18. Beartais A NEARTÚ chun tuilleadh feabhais a chur ar dhálaí oibre do chách agus chun tacú le daoine agus iad i mbun na n-aistrithe a bhíonn orthu a dhéanamh i gcaitheamh a saoil oibre, ionas go mbeidh siad in ann dul agus athdhul isteach i margadh an tsaothair go tapa agus post ar ardchaighdeán a fháil, lena n-áirítear trí chomhar idir na seirbhísí poiblí éagsúla lena mbaineann.

19. A gcuid creata dlíthiúla náisiúnta agus a straitéisí reatha maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair A NUASHONRÚ de réir mar is iomchuí, agus aird chuí á tabhairt ar Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021-2027, ag díriú ar a thrí phríomhchuspóir trasearnála, is é sin athruithe sa saol nua oibre a thuar agus a bhainistiú, cosc ar thionóiscí agus tinnis san ionad oibre a fheabhsú, agus ullmhacht a mhéadú maidir le haon ghéarchéim sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann.

20. A ÁIRITHIÚ go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ar fáil d'fheidhmiú, líonrú agus cur chun cinn phointí fócasacha náisiúnta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA).

21. NUASHONRÚ a dhéanamh ar na modhanna a úsáidtear chun éileamh scileanna a thuar agus meicníochtaí A FHEABHSÚ chun aghaidh a thabhairt ar neamhréir scileanna.

22. Agus an Clár Oibre Eorpach Scileanna á chur san áireamh, lena n-áirítear trí aistriú idirghlúine eolais agus scileanna a spreagadh, deiseanna le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil do chách A FHORBAIRT agus A CHUR CHUN CINN go leanúnach chun cabhrú le daoine dul in oiriúint do shaol athraitheach na hoibre.

23. DLÚS A CHUR leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun feabhas a chur ar dhálaí oibre, ar an gcosaint shóisialta agus ar an rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil dóibh siúd atá i bhfostaíocht neamhchaighdeánach, ionas go mbeidh an obair inbhuanaithe do chách.

24. NEART A CHUR le héifeachtacht cigireachtaí saothair agus sásraí forfheidhmiúcháin agus maoirseachta eile, de réir mar is iomchuí, ionas go ndéanfar na forálacha dlí is infheidhme agus is ábhartha maidir leis an obair inbhuanaithe a urramú.

25. FÉACHAINT A THUILLEADH ar fhéidearthachtaí lena mbainfear amach cothromaíocht níos fearr idir an obair agus an saol, lena n-áirítear trí inrochtaineacht, inacmhainneacht agus cáilíocht na seirbhísí cúraim a fheabhsú, d'fhonn, inter alia, comhionannas deiseanna a áirithiú do mhná agus d'fhir i margadh an tsaothair.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá acu faoi seach, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

26. ANAILÍS A DHÉANAMH ar na príomhbhacainní a bhíonn ar obair inbhuanaithe agus féachaint go córasach le réitigh A SHAINAITHINT a éascóidh an obair sin ionas tacú le haosú gníomhach sláintiúil, saol oibre níos faide, dea-bhail an duine, rannpháirtíocht an lucht saothair, córais cosanta sóisialta, táirgiúlacht agus feidhmíocht eacnamaíoch.

27. TACÚ LE taighde ar bhunachair sonraí ardcháilíochta maidir leis an obair inbhuanaithe agus le forbairt na mbunachar sonraí sin, agus athróga ábhartha staidrimh sochdhéimeagrafacha á gcur san áireamh[38], chun comhsheasmhacht, inchomparáideacht agus inrochtaineacht sonraí a áirithiú le haghaidh ceapadh beartais fianaisebhunaithe.

28. NEART A CHUR le príomhshruthú sábháilteachta agus sláinte ag an obair i mbeartais agus i mbearta ábhartha, go háirithe sna réimsí a leanas: sláinte phoiblí (go háirithe meabhairshláinte), cúram sóisialta, oideachas agus oiliúint, digiteáil, intleacht shaorga, soláthair phoiblí agus comhshaol.

29. Sonraí staidrimh inchomparáide A FHORBAIRT maidir le cineálacha oibre neamhchaighdeánacha agus a dtábhacht A ANAILÍSIÚ i dtaca le claochluithe margaí saothair agus a dtionchar ar chórais cosanta sóisialta, agus athróga ábhartha staidrimh sochdhéimeagrafacha á gcur san áireamh.

---

38 Is samplaí d'athróga sochdhéimeagrafacha iad seo a leanas: aois, gnéas, oideachas, teorannú leibhéil cumais, líon tí, fostaíocht, ioncam, srl.

30. Malartú dea-chleachtas agus eolas faighte ar an obair inbhuanaithe agus ar na tairbhí fadtéarmacha a bhaineann léi maidir le feidhmiú na margaí saothair agus na gcóras cosanta sóisialta, agus maidir le dea-bhail an duine, freisin, A ÉASCÚ agus A THACÚ, agus na treochtaí foluiteacha lenar chuir paindéim COVID-19 luas á gcur san áireamh.

31. Cultúr coisc A CHUR CHUN CINN sa réimse sábháilteachta agus sláinte ag an obair, mar aon le cultúr foghlama ar feadh an tsaoil.

32. Bearta spriocdhírithe A DHEARADH agus A CHUR I bhFEIDHM chun dul i ngleic leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní.

33. TACÚ LE comhpháirtithe sóisialta chun feabhas a chur ar a gcumas obair inbhuanaithe a chur chun cinn.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH an méid a leanas a dhéanamh:**

34. I dtaca le daoine aonair, le fostaithe agus leis an tsochaí ina hiomláine, iarmhairtí na gcleachtas oibre neamh-inbhuanaithe, agus tairbhí na hoibre inbhuanaithe A ANAILÍSIÚ i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail ECFE agus EIS.

35. Gníomhartha ábhartha an Aontais A CHOINNEÁIL faoi athbhreithniú d'fhonn feabhas a chur ar an méid a chuireann na bearta atá ann cheana leis an obair inbhuanaithe, agus na tograí is gá a chur ar aghaidh chun na hionstraimí dlíthiúla atá ann cheana A OIRIÚNÚ, i gcás inarb ábhartha, do na héilimh a bhaineann le saol athraitheach na hoibre, go háirithe maidir le haosú an phobail.

36. A ÁIRITHIÚ go gcuirfear chun feidhme go pras agus go hiomlán na gníomhaíochtaí sin faoi Chreat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021-2027 as a bhfuil an Coimisiún Eorpach freagrach, agus béim ar leith á leagan ar chomhrac na hailse oibre trí dhul chun cinn breise a dhéanamh chun teorainneacha maidir le nochtadh ag an obair a shocrú, agus cuspóirí Chreat Straitéiseach an Aontais A CHOMHTHÁTHÚ sna doiciméid straitéiseacha ábhartha atá ann cheana agus atá ar na bacáin.

37. An tábhacht a bhaineann le hobair inbhuanaithe i gcaitheamh shaol an duine A AITHINT sa Straitéis Eorpach Cúraim atá ar na bacáin.

**IARRANN SÍ AR NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, agus lánurraim á tabhairt dá ról agus dá neamhspleáchas, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

38. LEANÚINT LEIS an idirphlé sóisialta ar gach leibhéal faoi shaol athraitheach na hoibre.

39. Múscailt feasachta A CHUR CHUN CINN maidir leis na tairbhí a bhaineann le hobair inbhuanaithe d'oibrithe, fostaithe, saoránaigh agus don tsochaí ina hiomláine, agus maidir le cultúr sábháilteachta agus sláinte ag an obair agus cultúr foghlama ar feadh an tsaoil.

40. Gníomhaíocht choisctheach A CHUR CHUN CINN arb é an bealach is éifeachtaí é chun obair inbhuanaithe a áirithiú, go háirithe maidir le tionchar aosú an phobail agus na digiteála.

41. FEASACHT A MHÚSCAILT maidir leis an bhfíric gur chun tairbhe d'oibrithe, fostaithe, saoránaigh agus don tsochaí ina hiomláine a rachaidh leibhéal níos airde sláinte agus sábháilteachta ag an obair, agus go gcuirtear le hinbhuanaitheacht agus iomaíocht gheilleagar an Aontais ach poist a bheith sábháilte sláintiúil.

42. Cur chun feidhme éifeachtach na rialacha atá ann cheana maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair A CHUR CHUN CINN A THUILLEADH.